An Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta
International Protection Office

COD IOMPRAÍOCHTA AN IARRTHÓRA
FAISNÉIS MAIDIR LE hAGALLAMH AR LÍNE FAOIN gCÓRAS COSANTA IDIRNÁISIÚNTA

Tá tú tar éis iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta sa Stát seo agus tá faisnéis tugtha agat don Oifig seo maidir le do chás sa cheistneoir. Is é cuspóir an agallaimh ar líne faoin gcóras cosanta idirnáisiúnta ná scrúdú a dhéanamh ar gach gné de do chás bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir tú cheana féin ar fáil agus an fhaisnéis a chuirfidh tú ar fáil le linn an agallaimh. Beidh ceistiú mionsonrach i gceist maidir leis na saincheisteanna a d'ardaigh tú sa cheistneoir agus aon ábhar eile a mheasfaidh an t-agallóir a bheith ábhartha. Ba cheart duit soiléiriú a lorg ón agallóir maidir le haon cheist nach dtuigeann tú.

Ba cheart duit do chuid eagla a mhíniú go soiléir agus go cruinn, agus gach píosa faisnéise agus sonraí ábhartha maidir le do chúinsí féin a chur ar fáil. Is é seo d'agallamh le míniú a thabhairt go mionsonrach ar an gcúis go bhfuil eagla ort roimh fhilleadh ar do thír dhúchais.

Tá **sé de dhualgas ort comhoibriú go hiomlán agus a bheith fírinneach ar fad.** Coinneoidh an t-agallóir taifead scríofa den agallamh ar líne maidir leis na gnéithe ábhartha agus féideartha ábhartha de do chás. Léifear an taifead agallaimh ar ais duit agus stampálfar é le ham i gcaitheamh an agallaimh, agus is é seo d'aitheantas le haon mhír a cheartú más dóigh leat nach bhfuil sí taifeadta i gceart. Iarrfar ort deimhniú ó bhéal a thabhairt go n-aontaíonn tú leis an taifead agallaimh le linn an agallaimh, agus stampálfar an deimhniú sin le ham agus dáta. Léiríonn stampa ama deimhniú ó bhéal agus an t-am/dáta a tugadh an deimhniú sin.

Ní dhéanfaidh an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta, faoi aon imthosca, teagmháil leis na húdaráis sa tír ónar theith tú.

I ndiaidh an agallaimh, déanfar moladh maidir le d'iarratas, agus má tá an moladh sin diúltach, beidh an deis agat achomharc a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta.

Ról an ateangairí: Má tá ateangaire i láthair, aistreofar ceisteanna an agallóra agus do chuid freagraí go cruinn. Ní thairgfidh an t-ateangaire aon chomhairle duit agus ní chuirfidh sé/sí aon tuairim in iúl maidir le láidreacht do cháis. Tá eolas ag an ateangaire ar nádúr rúnda an agallaimh agus ní cheadaítear dó/di comhrá a dhéanamh leat ach tríd an agallóir.

An tIonadaí Dlíthiúil: Má tá d'ionadaí dlíthiúil i láthair, féadfaidh sé/sí nótaí a ghlacadh ach ní ceadmhach dó/di cur isteach ar an agallamh ná freagra a thabhairt ort. Ag deireadh an agallaimh, iarrfar ar d'ionadaí dlíthiúil cibé trácht atá aige/aici a chur in iúl.

Ainm an Iarrthóra:

Dáta a Aontaíodh: DD/MM/YYYY **Am a Aontaíodh: DD/MM/YYYY**